



An Bhruiséil, 7 Deireadh Fómhair 2016
(OR. en)

12764/16

FISC 145
ECOFIN 861

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le feabhsú a dhéanamh ar rialacha CBL AE maidir le hidirbhearta trasteorann – Glacadh

1. Ar an 7 Aibreán 2016 foilsíodh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Plean Gníomhaíochta i ndáil le CBL “I dtreo Limistéar CBL aonair san Aontas Eorpach – An t-am le cinneadh a dhéanamh” (Plean Gníomhaíochta CBL).¹ Sa Phlean Gníomhaíochta sin CBL leagtar amach tuairimí an Choimisiúin maidir leis an mbealach i dtreo CBL a nuachóiriú agus dlús a chur leis, rud a d’fhágfadh, le sraith beart práinneach agus meántéarmach, go mbeifí ag dul i dtreo limistéar aonair CBL san Aontas.
2. Mar fhreagra ar Phlean Gníomhaíochta CBL, ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ag an gcrúinniú a bhí aici ar an 25 Bealtaine 2016, conclúidí ina raibh caibidlí “Maidir le bearta práinneacha maidir le calaois CBL a chomhrac agus chun dul i ngleic leis an mbearna CBL”, “Maidir le gníomhaíochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha i réimse CBL agus FBManna”, “Maidir leis an gcóras cinntitheach CBL (réimse CBL an Aontais maidir le CBL)” agus “Maidir le rátaí CBL”.²

¹ COM (2016) 148 final. Féach freisin:
http://ec.europa.eu/taxation_customs/taxation/vat/action_plan/index_en.htm

² Féach 9494/16 FISC 86 ECOFIN 509.

3. Sna Conclúidí ón gComhairle ar an 25 Bealtaine 2016 fágadh tuilleadh oibre agus díospóireachta le déanamh i roinnt réimsí.³ Dá bhrí sin chuir Uachtaránacht na Slóvaice tús le malartú tuairimí idir na Ballstáit maidir le riachtanais a aithint go tapa faoin ngá atá le feabhas a chur ar na rialacha CBL atá ann faoi láthair lena rialaítear soláthairtí earraí trasteorann a d'fhéadfaí a dhéanamh i bhfianaise agus i gcomhthéacs na hoibre leanúnaí atáthar a dhéanamh ar an gcóras cinntitheach CBL san Aontas Eorpach.
4. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo dréacht-téacs de na Conclúidí ón gComhairle, a d'eascair as an bplé a rinneadh ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach) ar an 27 Meán Fómhair agus nós imeachta an tosta ina dhiaidh sin.⁴
5. I bhfianaise an méid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go nglacfaidh an Chomhairle, faoi réir aon fhorchoimeádas atá fós ann a bhaint, na Dréachtchonclúidí thuasluaite ón gComhairle mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a ghlacadh mar ítim "A" ar an gclár oibre ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

³ Féach 9046/16 FISC 77 ECOFIN 404, pointe 10.

⁴ Coinníonn toscaireacht na Ríochta Aontaithe forchoimeádas grinnscrúdaithe parlaiminte.

DRÉACHT

**CONCLÚIDÍ ÓN GCOMHAIRLE MAIDIR LE FEABHSÚ A DHÉANAMH
AR RIALACHA AN AONTAIS ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR LE HAGHAIDH CBL
AR IDIRBHEARTA TRASTEORANN**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh (ECOFIN) an méid seo a leanas:

1. MEABHRAÍONN SÍ na Conclúidí ón gComhairle ar an 25 Bealtaine 2016 a glacadh mar fhreagairt ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'I dtreo limistéar CBL aonair san Aontas - an t-am le cinneadh a dhéanamh' (Plean Gníomhaíochta CBL) agus na Conclúidí ón gComhairle ar an 15 Bealtaine 2012 'Maidir le Todhchaí CBL';
2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an staidéar is déanaí maidir leis an mbearna CBL san Aontas;
3. DEIMHNÍONN SÍ go bhfuil gá le breis forbartha a dhéanamh ar mhaithe le tuiscint mhaith idir riaracháin chánach na mBallstát, mar aon le caidrimh chuiditheacha idir gnólachtaí agus riaracháin chánach chun comhlíonadh cánach a dhoimhniú;
4. MAÍONN SÍ, fhad atá obair an Choimisiúin maidir leis na réimsí thuasluaite ar siúl, go bhféadfadh go mbeadh feabhsuithe ar an gcóras CBL atá ann faoi láthair indéanta agus gá a bheith leo sa ghearrthéarma, i gcomhréir leis an gcuspóir go mbeadh córas CBL níos simplí ann, a bheidh, ag an am céanna, níos éifeachtúla, níos stóinsithe, slán ar chalaí agus a d'oirfeadh don mhargadh aonair agus MEABHRAÍONN SÍ gur cheart na prionsabail agus na breithnithe dlíthiúla a leanas a chur san áireamh in aon ghníomhaíocht a dhéanfar amach anseo: costéifeachtúlacht, comhréireacht, cinnteacht dlí, aontacht, reachtaíocht cosanta sonraí agus comhlíonadh phrionsabal na coimhdeachta agus rialacha faoi inniúlachtaí ábhartha an Aontais agus na mBallstát;
5. MEABHRAÍONN SÍ go bhfuil gá le tuilleadh comhchuibhithe i réimse CBL a bhaineann le hidirbhearta trasteorann agus gur cheart leanúint de bheith á gcur i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;
6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhféadfaí feabhas a chur ar rialacha reatha an Aontais maidir le CBL a d'fhéadfaí a dhéanamh go héifeachtúil i limistéir roghnaithe trí bhíthin tograí reachtacha;

7. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart aghaidh a thabhairt ar aon tionscnaimh reachtacha sna réimsí sin san obair ar an gcóras cinntitheach CBL agus iad a chéimniú isteach de réir mar is iomchuí sa chéad chéim reachtach; agus nár cheart an Coimisiún a chosc ó chloí leis an amlíne a bhfuiltear ag súil léi le haghaidh oibriú sa réimse sin;
8. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a rithábhachtaí atá sé, agus bearta simpliúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann á gceapadh, gur cheart go léireofaí leis na bearta sin na cuspoirí maidir le calaois chánach a chosc agus rialú éifeachtúil cánach, ar lámh amháin agus, ar an lámh eile, nach mbeadh ualach riaracháin díréireach ar ghnólachtaí;
9. GLACANN SÍ na conclúidí seo a leanas:

I. Uimhir Aitheantais CBL; Sonraí VIES

Fógraíonn an Chomhairle an méid seo a leanas:

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh lena ndírítear ar leasú a dhéanamh ar na forálacha ábhartha de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ina luaitear uimhir aitheantais CBL an duine incháinithe nó an duine dlítheanaigh neamh-incháinithe a fhaigheann na hearraí, arna leithdháileadh ag Ballstát seachas an Ballstát inar tionscnaíodh seoladh nó iompar na n-earraí, ba cheart gurb ionann an uimhir sin agus coinníoll substainteach breise chun díolúine a chur i bhfeidhm i leith soláthar earraí laistigh den Aontas Eorpach.
11. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, le ceanglas den sórt sin le haghaidh uimhir aitheantais CBL, gur cheart go rannchuideodh sí tuilleadh le cáilíocht agus le hiontaofacht na sonraí i gcóras malartaithe faisnéise CBL (VIES), rud a bhfuil an-tábhacht ag baint leis ó thaobh na mBallstát i ndáil leis an gcomhrac in aghaidh chalaois CBL.
12. IARRANN SÍ, sa chomhthéacs sin, ar na Ballstáit, dá bhrí sin, leanúint dá n-iarrachtaí chun cáilíocht na sonraí a úsáidtear chun daoine incháinithe a aithint chun críocha CBL a fheabhsú agus na sonraí sin a choimeád cruinn agus suas chun dáta, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit na dea-chleachtais a mhalartú maidir leis an bpróiseas CBL a chlárú agus a dhíchhlárú.

II. Idirbhearta slabhra

Fógraíonn an Chomhairle an méid seo a leanas:

13. TUGANN SÍ DÁ hAIRE fadhbanna praiticiúla cánach na mBallstát agus rialacha CBL á gcur i bhfeidhm ag údaráis agus gnólachtaí na mBallstát, ar rialacha iad a bhaineann le idirbhearta slabhra lena n-áirítear idirbhearta triantánacha, mar gheall ar easpa comhchuibhithe agus difríochtaí náisiúnta idir na Ballstáit i léirmhíniú na bhfocal ‘arna seoladh nó arna n-iompar ag nó thar ceann’.
14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na critéir aonfhoirmeacha agus ar na feabhsuithe reachtacha agus iad a mholadh, rud a threiseodh leis an ndeimhneacht dhlíthiúil agus le cur i bhfeidhm comhchuibhithe rialacha CBL nuair a bhíonn cóireáil CBL maidir le slabhra an idirbhirt á cinneadh, lena n-áirítear idirbhearta triantánacha.
15. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart aon chritéir aonfhoirmeacha a bhunú ar na cleachtais náisiúnta is fearr a d’fheilfeadh do na cuspóirí atáthar ag iarraidh a bhaint amach.

III. Stoc ar glao

Fógraíonn an Chomhairle an méid seo a leanas:

16. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil difríochtaí i rialacha náisiúnta CBL, nuair a fheidhmíonn gnólachtaí stoc ar glao agus iad i mbun trádála trasteorann, i.e. nuair a aistríonn an díoltóir an stoc chuig stóras atá ar fáil ag ceannaitheoir aitheanta i mBallstát eile, i gcás ina bhfaigheann an ceannaitheoir sin úinéireacht ar na hearraí nuair a thagann siad as an stóras.
17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, in éagmais rialacha comhchuibhithe CBL le haghaidh stoc ar glao ag leibhéal an Aontais, na difríochtaí sna rialacha náisiúnta lenar féidir CBL a shimpliú, a chlárú, a láimhseáil agus a thuairisciú a bhaineann le socruithe den sórt sin, go bhféadfadh costais riaracháin agus comhlíonta níos airde a bheith ann do ghnólachtaí agus bac a chur ar rialuithe cánach iomchuí ag údaráis na mBallstát.
18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an bealach ina ndéanfar na rialacha CBL atá ann faoi láthair a aianlísíú agus moladh a dhéanamh faoi d’fhonn simpliú a dhéanamh le haghaidh stoc ar glao a chur i bhfeidhm ar bhealach níos aonfhoirmí san Aontas.

19. Tugann sí dá haire go bhfuil an Coimisiún tar éis scrúdú cuimsitheach a dhéanamh cheana ar shaincheist an stoic ar glao, agus go bhféadfadh a dtiocfaidh as a bheith ina bhonn maith chun obair bhreise a dhéanamh.

IV. Cruthúnas ar fáil laistigh den Aontas

Fógraíonn an Chomhairle an méid seo a leanas:

20. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair atá déanta ag an gCoimisiún go dtí seo i ndáil le cruthúnas seolta nó earraí a iompar go Ballstát eile san Aontas Eorpach, cruthúnas atá ag teastáil chun soláthairtí laistigh de AE a dhíolmhú ó CBL.
21. TÁ SÍ DEN TUAIRIM, le méadú ar leibhéal na deimhneachta dlíthiúla do ghnólachtaí cáin-chomhlíontacha, go ndéanfaí a gcuid oibríochtaí a éascú, agus go mbeadh breis oibre maidir leis na rialacha maidir le díolúine i leith soláthairtí laistigh de AE úsáideach go mór.
22. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún leanúint ar aghaidh le hiniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna le haghaidh comhchreat de chritéir mholta don fhianaise dhoiciméadach is gá chun díolúine a éileamh le haghaidh soláthairtí laistigh de AE.
-